



## Preasráiteas

Lucsamburg, 31 Eanáir 2023

### Iniúchóirí AE: tá dul chun cinn i dtreo margadh inmheánach leictreachais mall

- *Cuireadh tús leis an tionscadal chun na margaí náisiúnta leictreachais go léir a chomhtháthú in 1996*
- *Cuireann rialacha casta an Aontais agus laigí sa rialachas moill ar chomhtháthú iomlán*
- *Níor baineadh leas as na tairbhí eacnamaíocha a bhaineann le cóineasú praghsanna níos fearr go fóill*

In ainneoin réamh-mheastacháin uailmhianacha agus méid áirithe iarrachta, tá dul chun cinn mall déanta ag an Aontas i dtreo a chuspóir margaí leictreachais a nascadh chun rochtain ar chumhacht ar phraghas íseal a áirithiú do saoránaigh agus gnólachtaí, de réir tuarascála ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa. Tá moill ar mhargaí cumhachta náisiúnta a chúpláil mar gheall ar laigí i rialachas an Aontais agus struchtúr dlíthiúil casta maidir le trádáil trasteorann a chumasú, rud a chuir moill ar chur chun feidhme na rialacha margaidh. Ná níor tháinig feabhas leordhóthanach mar gheall ar fhaireachán ar an margadh a rinne an Coimisiún Eorpach agus ACER, gníomhaireacht fuinnimh an Aontais. Níl dul chun cinn leordhóthanach déanta le bearta faireachais chun mí-úsáid agus cúbláil a shrianadh, rud a chiallaíonn gur cuireadh an príomhualach riosca ar mhargadh leictreachais an Aontais ar aghaidh chuig na tomhaltóirí deiridh.

In 1996, chuir an tAontas tús le tionscadal casta chun margaí leictreachais náisiúnta a chomhtháthú go hiomlán. Ba í an sprioc a bhí leis sin ná na praghsanna leictreachas is saoire do thomhaltóirí a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a dhéanamh níos sláine. Beagnach deich mbliana ina dhiaidh don tionscadal a bheith tugtha chun críche in 2014, áfach, rialaíonn 27 gcreat rialála náisiúnta an margadh go fóill. Tá béim leagtha ag an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair ar an bhfioras go bhfuil éagsúlacht shuntasach le praghsanna mórdhíola idir Ballstáit agus go bhfuil tionchar mór ag rátaí gréasáin agus táillí líonra náisiúnta ar phraghsanna mórdhíola, seachas iad a bheith oscailt don iomaíocht.

*“In ainneoin uailmhian an Aontais, ar díol sásaimh í agus a bhfuil gá léi, d’fhéadfadh margaí leictreachais san Eoraip a bheith comhtháthaithe ar bhealach i bhfad níos fearr” a dúirt Mikails Kozloves, an Comhalta CIE a bhí i gceannas ar an iniúchadh. “Mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh agus costas maireachtála atá roimh shaoránaigh an Aontais faoi láthair, tá sé níos práinní fós go ndéanfaidh an tAontas a mhargadh inmheánach leictreachais a thabhairt i gcrích.”*

D’ainneoin feabhsuithe móra áirithe, bhí dul chun cinn i dtreo na margaí leictreachais náisiúnta go léir a chúpláil mall idir 2015 agus 2021 agus míchothrom ar fud réigiúin an Aontais agus deighleoga an mhargaidh. Níor gníomhaíodh go hiomlán de réir aon cheann de threoirínte an Aontais sna Ballstáit, cé go bhfuil siad

*Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu).*

## ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu) @EUAuditors [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu)

ceangailteach, agus ní raibh aon dul chun cinn suntasach déanta maidir le hacmhainneacht tarchurtha trasteorann a mhéadú. De réir na hiniúcháirí rogha an Choimisiúin maidir le treoirlínte líonra le cur chun feidhme trí théarmaí agus coinníollacha nó modheolaíochtaí ba chúis leis na moilleanna, rud a d'fhág gurbh iad na húdaráis rialála náisiúnta (NRAnna) agus ACER a bhí freagrach as formheas. Bhí sé seo ina chúis le castacht agus moill i gcomhchuibhiú na rialacha trádála trasteorann. Cuireann na hiniúcháirí i bhfáth nach ndearna an Coimisiún anailís leordhóthanach ina mheasúnú tionchair ar na tionchair a bhí ag an dearadh margaidh agus ag cinní rialachais. Bhí faireachán ar chomhsheasmhacht fhorfheidhmiú rialacha na mBallstát tarmligthe do ACER den chuid is mó. Fuair na hiniúcháirí, áfach, nach raibh faireachán agus tuairisciú ACER leordhóthanach, go háirithe mar gheall ar easpa sonraí, ganntanas acmhainní, agus comhordú lag leis an gCoimisiún.

Bhí an faireachas margaidh chun drochúsáid agus cúbláil margaidh a bhrath agus a dhíspreagadh, neamhiomlán freisin. Is é conclúid na hiniúcháirí nach raibh cur chuige ACER maidir le bailiú sonraí cuimsitheach, agus clúdaíodh raon róchúng d'iompar mí-úsáideach ina mheasúnú ar na sonraí a bhailigh sé. Anuas ar sin, rinne ACER acmhainní neamh-leordhóthanach a leithdháileadh ar an anailís sonraí agus ní raibh sé in ann tacú le himscrúduithe ar líon méadaitheach na gcásanna trasteorann amhrasta maidir le drochúsáid margaidh. Tugann na hiniúcháirí foláireamh go bhféadfadh tairgeoirí, soláthróirí agus bróicéirí leictreachais leas a bhaint as lúba ar lár nó níos measa ná sin – go bhféadfadh Ballstáit dul in iomaíocht chun an timpeallacht is incheadaithe a sholáthar ó thaobh pionóis agus forfheidhmithe de. Ag an am céanna, níl an chumhacht ag ACER chun a áirithiú go bhforfheidhmíonn na Ballstáit na rialacha ar bhealach comhsheasmhach.

### Faisnéis chúlra

Roinneann an tAontas freagracht as an mbeartas fuinnimh leis na Ballstáit. Ba cheart, le trádáil leictreachais trasteorann, go ligfeadh do ghnólachtaí agus saoránaigh ar fud an Aontais rochtain a fháil ar an gcumhacht is saoire atá ar fáil. Rinne na hiniúcháirí measúnú ar a mhéid a chuir cur chuige rialála an Choimisiúin agus formhaoirseacht ar mhargadh ACER le cuspóir an Aontais maidir le feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh leictreachais. Bhreathnaigh siad ar an tréimhse ó 2015 go dtí deireadh 2021, agus dhírigh siad den chuid is mó ar mhargaí leictreachais mórdhíola.

Tá Tuarascáil speisialta 03/2023 CIE “An margadh inmheánach leictreachais a chomhtháthú: Struchtúir chasta dlí, moilleanna, laigí sa rialachas agus faireachas neamhiomlán margaidh, tá siad ag cur bac ar chuspóir uailmhianach a bhaint amach go hiomlán” ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE [eca.europa.eu](http://eca.europa.eu).

### Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: [press@eca.europa.eu](mailto:press@eca.europa.eu)

- Damijan Fišer: [damijan.fiser@eca.europa.eu](mailto:damijan.fiser@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: [claudia.spiti@eca.europa.eu](mailto:claudia.spiti@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: [vincent.bourgeais@eca.europa.eu](mailto:vincent.bourgeais@eca.europa.eu) – Fón póca: (+352) 691 551 502